



2018. M 6

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Scrúdú na
hArdteistiméireachta, 2018*

Gaeilge Gnáthleibhéal

Páipéar II

200 MARC

**Dé Máirt
12 Meitheamh
Maidin, 9.30 go dtí 11.50**

Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 3

Léigh na treoracha ar leathanach 3

Treoracha d'iarrthóirí

Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.
Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.

FREAGAIR GACH CEIST (1, 2 AGUS 3).

Ceist 1:	LÉAMHTHUISCINT:	A (lch 4 & 5) agus B (lch 6 & 7)
Ceist 2:	PRÓS:	AINMNITHE (A) (lch 8) nó ROGHNACH (B) (lch 9)
Ceist 3:	FILÍOCHT:	AINMNITHE (A) (lch 10 & 11) nó ROGHNACH (B) (lch 12)

Freagair **A** agus **B** anseo.

A – (50 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceistanna **ar fad** a ghabhann leis.

Éire an Lae Inniu

1. Bhí blianta deacra ag muintir na hÉireann nuair a tharla an cúlú eacnamaíochta. Chaill a lán daoine a bpost. Chaill go leor teaghlach a dteach. Chuaigh a lán daoine thar lear ag lorg oibre. Ach tá an saol ag éirí níos fearr arís. Tá feabhas ag teacht ar chúrsaí eacnamaíochta. Tá níos mó oibre le fáil. Tá an ráta dífhostaíochta ag titim. Tá na seirbhísí poiblí ag feabhsú arís mar tá níos mó airgid ag an rialtas le caitheamh orthu. Tá ábhar dóchais ag muintir na hÉireann faoi láthair.
2. Bíonn muintir na hÉireann bródúil as na gaiscí a dhéanann laochra na tíre, i gcúrsaí spóirt, sna scannáin agus i gcúrsaí gnó. Bhí áthas ar mhuintir na hÉireann nuair a bhuaigh Paul agus Gary Ó Donnabháin boinn airgid sna Cluichí Oilimpeacha in 2016. Lá stairiúil a bhí ann mar ba é sin an chéad uair a bhuaigh aon duine as an tír seo bonn Oilimpeach sa rámhaíocht. Ceithre lá níos déanaí, bhuaigh Annalise Murphy bonn airgid sa tseoltóireacht. Tá ardmheas tuillte ag aisteoirí Éireannacha agus tá go leor gradam idirnáisiúnta buaite acu. Tá clú agus cáil bainte amach ag Saoirse Ronan, ag Ruth Negga agus ag Cillian Murphy. I saol na nuatheicneolaíochta, tá ainm an chomhlachta 'Stripe' in airde ar fud an domhain. Is córas íocaíochta ar líne é a chruthaigh na deartháireacha John agus Patrick Collison as Contae Luimnigh. Cuidíonn 'Stripe' le daoine gnó a dhéanamh go sábháilte ar líne le cártaí creidmheasa.
3. Tá an t-oideachas an-tábhachtach i saol an lae inniu. Tugadh isteach an saoroideachas

in Éirinn sa bhliain 1967. Ó shin i leith, tá seans ag gach duine sa tír seo leanúint ar aghaidh leis an oideachas dara leibhéal chomh fada leis an Ardteistiméireacht. Tá dea-cháil ar chóras oideachais na hÉireann anois. Bíonn rogha mhaith ábhar agus clár ar fáil sna scoileanna. Cuirtear oideachas pearsanta, sóisialta, sláinte agus polaitiúil ar fáil do na scoláirí. Bíonn go leor deiseanna ag scoláirí a dtallanna a fhorbairt taobh amuigh den seomra ranga freisin. Bíonn deis acu spóirt a imirt, ceol a sheinm agus páirt a ghlacadh i ndrámaí. Bíonn siad ar choistí éagsúla. Bíonn deis acu dul ar thurais scoile. Bíonn taithí oibre le fáil ar chuid de na cúrsaí scoile. Leanann cuid mhór scoláirí ar aghaidh go dtí an t-oideachas tríú leibhéal.

2018 BLIAIN NA GAEILGE

Conradh na Gaeilge
1893 – 2018

4. Bunaíodh Conradh na Gaeilge sa bhliain 1893. Tá Bliain na Gaeilge ar siúl in 2018 chun ceiliúradh a dhéanamh ar gach rud atá bainte amach ar son na Gaeilge le céad fiche a cúig bliain anuas. Beidh imeachtaí ar siúl ó cheann ceann na tíre chun muintir na hÉireann a spreagadh le níos mó úsáide a bhaint as an nGaeilge. Tá meáin chumarsáide na Gaeilge níos fairsinge anois ná mar a bhí riamh. Tá TG4 ag dul ó neart go neart. Tá go leor stáisiún raidió ann a chraolann trí mheán na Gaeilge, Raidió na Gaeltachta agus Raidió na Life,

mar shampla. Tá an Ghaeilge in úsáid go forleathan ar líne anois. Tá scéalta nuachta, ceoil agus spóirt ar fáil ar www.tuairisc.ie. Tá a lán blaganna Gaeilge ar líne. Tá go leor aipeanna Gaeilge ar fáil. Bíonn cuid mhór Gaeilgeoirí ag tvuíteáil ar na meáin shóisialta.

5. Tá an saol ag dul i bhfeabhas arís gan amhras. Ach ag an am céanna, tá cuid mhór fadhbanna sa tír fós. Níl go leor tithe ann.

Tá a lán daoine sa tír nach bhfuil ábalta áit chónaithe d'aon saghas a fháil. Tá a lán daoine ag fanacht le cóir leighis a fháil sna hospidéal. Ní bheidh sé éasca ag an rialtas na fadhbanna seo a réiteach. Beidh a lán airgid ag teastáil. Tá an baol ann go mbeidh cúlú eacnamaíochta eile in Éirinn nuair a fhágfaidh an Bhreatain an tAontas Eorpach. Ach is fearr a bheith dóchasach i gcónaí. Tá súil againn nach dtiocfaidh an drochshaol ar ais arís.

Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla

1. (a) Scríobh síos **dhá** chúis a raibh blianta deacra ag muintir na hÉireann nuair a tharla an cúlú eacnamaíochta. (Alt 1)

(b) Cén fáth a bhfuil na seirbhísí poiblí ag feabhsú arís? (Alt 1) (10 marc)
2. (a) Cén fáth a raibh sé ina lá stairiúil nuair a bhuaigh Paul agus Gary Ó Donnabháin boinn airgid sna Cluichí Oilimpeacha in 2016? (Alt 2)

(b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoi 'Stripe', an córas íocaíochta ar líne. (Alt 2) (10 marc)
3. (a) Cén seans a thugann an saoroideachas do gach duine sa tír seo? (Alt 3)

(b) Tabhair **dhá** bhealach ar féidir le scoláirí a dtallanna a fhorbairt taobh amuigh den seomra ranga. (Alt 3) (10 marc)
4. (a) Cén fáth a bhfuil Bliain na Gaeilge ar siúl in 2018? (Alt 4)

(b) Tabhair **dhá** shampla d'úsáid na Gaeilge ar líne. (Alt 4) (10 marc)
5. (a) Scríobh síos **dhá** cheann de na fadhbanna atá sa tír fós. (Alt 5)

(b) Cén baol atá ann don tír seo nuair a fhágfaidh an Bhreatain an tAontas Eorpach? (Alt 5) (10 marc)

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceistanna **ar fad** a ghabhann leis.

Caitríona Perry: Craoltóir, Láithreoir agus Údar

1. Bhí ainm Chaitríona Perry go mór i mbéal an phobail ar fud an domhain i mí an Mheithimh 2017. Ag an am sin, bhí Caitríona ag obair in Washington mar chomhfhreagraí RTÉ, ag cur scéalta nuachta faoi imeachtaí móra sna Stáit Aontaithe ar fáil ar an raidió agus ar an teilifís. Bhí sí ag obair in oifig Uachtarán na Stát Aontaithe sa Teach Bán nuair a tharla rud neamhghnách di. Fad a bhí an tUachtarán Donald Trump ag caint ar an bhfón le Taoiseach nua na hÉireann, Leo Varadkar, labhair an tUachtarán le Caitríona go pearsanta agus d'iarr sé uirthi teacht chuig a dheasc. Scaipeadh na pictiúir den bheirt ar na meáin nuachta ar fud an domhain.

2. Rugadh agus tógadh Caitríona Perry i gCnoc Lín, Baile Átha Cliath. Bhain sí céim amach san iriseoireacht in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Thosaigh sí ag obair sna meáin chumarsáide nuair a fuair sí post mar iriseoir leis an stáisiún raidió, Newstalk. Ina dhiaidh sin, bhog sí go Today FM. Thosaigh sí ag obair le RTÉ sa bhliain 2007, mar iriseoir, mar láithreoir clár, agus mar eagarthóir clár. Bhí suim riamh ag Caitríona sa pholaitíocht agus rinne sí cúrsa iarchéime sa Chaidreamh Idirnáisiúnta. Mar chuid dá cúrsa iarchéime, rinne sí staidéar ar an bpolaitíocht san Eoraip, i Meiriceá agus sa Mheánoirthear. Chuaigh sí go Washington mar chomhfhreagraí RTÉ in 2013.

3. Chaith Caitríona níos mó ná ceithre bliana in Washington. Bhí oifig aici timpeall míle ón Teach Bán ach bhí uirthi tuairiscí a dhéanamh ar eachtraí a tharla ar fud na Stát Aontaithe. Bhí a saol oibre

i Meiriceá deacair. Bhíodh uirthi tuairiscí a chur ar fáil do nuacht RTÉ beagnach gach lá. Bhíodh sí ag obair fiche uair an chloig in aghaidh an lae uaireanta. Bhíodh uirthi eitilt ar fud na tíre go minic ag bailiú scéalta sna stáit éagsúla. Bhíodh sí ag caint faoin bpolaitíocht, faoi chúrsaí reatha agus faoi imeachtaí tábhachtacha eile i Meiriceá. Rinne sí tuairiscí ar na spéirlingí uafásacha a bhí ann agus ar oícheanta galánta na nOscar in Hollywood. Fuair sí moladh mór as na tuairiscí a chuir sí ar fáil ar na hÉireannaigh a ghlac páirt sna Cluichí Oilimpeacha Speisialta in Los Angeles sa bhliain 2015.



4. Bhí Caitríona i Meiriceá nuair a bhí an feachtas uachtaránachta deireanach ar siúl. Thaistil sí ar fud na stát éagsúil agus bhuail sí le gnáth-Mheiriceánaigh i rith an fheachtais sin. D'inis siad di cén fáth a raibh siad chun vótáil ar son Donald Trump. Scríobh sí faoi sin ina leabhar, *In America: Tales from Trump Country*, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair seo caite. Tá cuntas ag Caitríona ina leabhar ar na cúiseanna ar bhuaigh Trump toghchán na huachtaránachta. Bhí muintir

<p>Mheiriceá tuirseach de na polaiteoirí traidisiúnta. Cheap a lán daoine go raibh Trump difriúil agus bhí dóchas acu go gcabhródh sé leo obair agus saol níos fearr a bheith acu.</p> <p>5. Thaitin an saol i Meiriceá go mór le Caitriona. Rinne sí go leor cairde ansin agus d'fhoghlaim sí a lán faoi chultúir agus faoi nósanna na tíre. D'fhág Caitriona Washington i mí Eanáir na bliana seo</p>	<p>agus d'fhill sí ar cheannáras RTÉ i nDomhnach Broc. Cuireann sí féin agus Keelin Shanley nuacht RTÉ i láthair ar an teilifís anois, ar a sé a chlog gach lá ó Luan go hAoine. Is duine gnóthach í Caitriona ach nuair a bhíonn am saor aici is aoibhinn léi an aclaíocht. Ritheann sí maratóin, téann sí ag snámh agus téann sí chuig ranganna ióga.</p> <p><i>Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla</i></p>
---	---

1. (a) Cén obair a rinne Caitriona Perry in Washington mar chomhfhreagraí RTÉ? (Alt 1)
 - (b) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoin rud neamhghnách a tharla do Chaitriona in oifig Uachtarán na Stát Aontaithe sa Teach Bán. (Alt 1)

(10 marc)

2. (a) Cad a rinne Caitriona in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath? (Alt 2)
 - (b) Cén staidéar a rinne Caitriona mar chuid dá cúrsa iarchéime? (Alt 2)

(10 marc)

3. (a) Luaigh **dhá** chúis a raibh saol oibre Chaitriona i Meiriceá deacair. (Alt 3)
 - (b) Cén fáth a bhfuair Caitriona moladh mór sa bhliain 2015? (Alt 3)

(10 marc)

4. (a) Cad a rinne Caitriona nuair a bhí an feachtas uachtaránachta deireanach ar siúl i Meiriceá? (Alt 4)
 - (b) Tabhair **dhá** chúis ar bhuaigh Trump toghchán na huachtaránachta, de réir an chuntais i leabhar Chaitriona. (Alt 4)

(10 marc)

5. (a) Cad a dhéanann Caitriona Perry agus Keelin Shanley in RTÉ anois? (Alt 5)
 - (b) Scríobh síos **dhá** rud a dhéanann Caitriona nuair a bhíonn am saor aici. (Alt 5)

(10 marc)

Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Roghnach).

A

– PRÓS AINMNITHE –

(50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) Oisín i dTír na nÓg

Freagair na ceisteanna thíos faoin scéal béaloidis *Oisín i dTír na nÓg*.

- (i) Cén fáth ar tháinig Niamh Chinn Óir go hÉirinn?
- (ii) Tabhair **dhá** rud a d'inis Niamh Chinn Óir d'Oisín faoi Thír na nÓg.
- (iii) Scríobh síos **dhá** rud a tharla chomh luath agus a shroich Niamh Chinn Óir agus Oisín Tír na nÓg le chéile den chéad uair.
- (iv) Cad a dúirt Niamh Chinn Óir le hOisín nuair a bhí an t-each bán á thabhairt aici dó chun filleadh ar Éirinn?
- (v) Luaigh **dhá** chúis ar mhaith le Naomh Pádraig Oisín a thabhairt leis ar a thurais ar fud na hÉireann.

(25 marc)

(b) Dís

“Féach ansan. Toradh suirbhé a deineadh. Deirtear ann go bhfuil an ceathrú cuid de mhná pósta na tíre míshona, míshásta. Táimse ansan, ina measc.” *Dís*

Déan cur síos ar an gcomhrá idir Seán agus a bhean chéile faoin suirbhé an tráthnóna sin.

(25 marc)

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Maidir le **scéal béaloidis roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an príomhphearsa (an príomhcharachtar) sa scéal. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin ó thús go deireadh an scéil.

(23 marc)

Ní mór teideal an scéil bhéaloidis sin a scríobh síos go cruinn.

(2 mharc)

- (b) Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa ghearrscéal sin.

(23 marc)

Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.

(2 mharc)

Freagair A (Filíocht Ainmnithe) nó B (Filíocht Roghnach).

A

– FILÍOCHT AINMNITHE –

(50 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) Mo ghrá-sa (idir lúibíní)

- (i) (a) Cá mbíonn bláth na n-airní ag fás?
 (b) Cathain a fhásfaidh nóiníní as cluasa an fhir?
 (c) Cén cur síos a dhéanann an file ar shúile an fhir?
 (d) Scríobh síos rud **amháin** a deir an file faoi ghruaig an fhir. (8 marc)
- (ii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla, **i d'fhocail féin**, den mhothúchán sin sa dán. (9 marc)
- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (8 marc)

Mo ghrá-sa (idir lúibíní)

Níl mo ghrá-sa
 mar bhláth na n-airní
 a bhíonn i ngairdín
 (nó ar chrann ar bith)

is má tá aon ghaol aige
 le nóiníní
 is as a chluasa a fhásfaidh siad
 (nuair a bheidh sé ocht dtroigh síos)

ní haon ghlaise cheolmhar
 iad a shúile
 (táid róchóngarach dá chéile
 ar an gcéad dul síos)

is más slim é síoda
 tá ribí a ghruaige
 (mar bhean dhubh Shakespeare)
 ina WIRE deilgní.

Ach is cuma san.
 Tugann sé dom
 úlla
 (is nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar
 caora fíniúna).

(b) Géibheann

- (i) Cén mothúchán is mó a thaispeánann an t-ainmhí sna línte 1-8 den dán *Géibheann*, dar leat?

Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin mothúchán sin sna línte 1-8.

(9 marc)

- (ii) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den ainmhí a fhaighimid sna línte 9-12 den dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

- (iii) Cén t-eolas a fhaighimid sna línte 13-17 faoi na daoine a fheiceann an t-ainmhí anois? (Is leor **dhá** phointe eolais **i d'fhocail féin**.)

(8 marc)

Géibheann

1 Ainmhí mé

ainmhí allta
as na teochreasa
a bhfuil clú agus cáil
ar mo scéimh

chroithfinn crainnte na coille
tráth

8 le mo gháir

ach anois
luím síos
agus breathnaím trí leathshúil
ar an gcrann aonraic sin thall

13 tagann na céadta daoine
chuile lá

a dhéanfadh rud ar bith
dom
ach mé a ligean amach.

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin téama sin sa dán. (9 marc)

(ii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán. (7 marc)

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (7 marc)

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn. (2 mharc)

(b) (i) Maidir le **dán roghnach nua-aimseartha amháin** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa agus nár úsáid tú i gcuid (a) thuas, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmainte an dáin. (9 marc)

(ii) Mínigh, **i d'fhocail féin**, an íomhá (an pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (7 marc)

(iii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Scríobh síos **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin atmaisféar sin sa dán. (7 marc)

Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn. (2 mharc)